



Treoirínite Webwise maidir le AUPanna

Polasaí úsáide Idirlín a fhorbairt i do scoil

2012

Polasaí Úsáide Inghlactha

Is éard atá i bPolasaí Úsáide Inghlactha (AUP) a cheapadh ná an chéad chéim thábhachtach maidir le haghaidh a thabhairt ar shaincheist na sábháilteachta Idirlín ag leibhéal scoile. Soláthraíonn an fhaisnéis seo a leanas treoirlínte agus comhairle maidir leis na saincheistanna a bhaineann leis an bpróiseas seo.

Polasaí Úsáide Inghlactha (AUP) a Réiteach

Is éard atá i bPolasaí Úsáide Inghlactha cáipéis a thugann aghaidh ar gach ceart, pribhléid, freagracht agus smachtbhanna a bhaineann leis an Idirlíon. De ghnáth, dréachtaíonn múinteoirí agus an lucht bainistíochta é i gcomhairle le tuismitheoirí, síníonn daltaí agus a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí é agus is minic a ionchorpraítear i bpolasaí foriomlán ICT na scoile é. Is é an rud is fearr ná go gceapfadh gach scoil AUP sula mbeadh baint aici le haon úsáid a bhaint as an Idirlíon agus go n-iarrfadh sí formhuiniú an Bhoird Bhainistíochta (ar chúiseanna dlí).

D'fhéadfadh AUPanna a bheith éagsúil ó scoil go scoil, ag brath ar thosca scoile, ar riachtanais oideachais daltaí agus múinteoirí agus ar bhonneagair theicniúla. D'fhéadfadh siad a bheith cosúil le chéile maidir leis an dóigh a dtagraíonn siad do smachtbhannaí agus do fhreagrachtaí dlí.

Áirítear leis an bhfoilseachán seo AUP samplach do mhúinteoirí. I gcoitinne, tugann sé aghaidh ar an úsáid shábháilte, inghlactha agus fhreagrach cuid mhór gnéithe den Idirlíon. Pléann sé leis na smachtbhannaí a chuirfear mura gcloítear leis an AUP. D'fhéadfaí é a úsáid mar chreat nó é a oiriúnú chun freagairt do thosca agus riachtanais scoileanna aonair. (Cuirtear san áireamh san fhoilseachán seo treoirlínte maidir le húsáid gnéithe éagsúla den Idirlíon. Is féidir iad sin a oiriúnú nó a chomhchuimsiú isteach san AUP a chuirtear ar fáil, i gcás ina roghnaíonn an scoil an leibhéal sin sonraí a chur san áireamh.)

Ós rud é gurb é atá sa réasúnaíocht a bhaineann le AUP ná dea-chleachtas agus úsáid shábháilte agus fhreagrach an Idirlín a chur chun cinn, is cáipéis an-tábhachtach é. Is iad seo a leanas a phríomhspriocanna:

- Oideachas a chur ar dhaltaí, ar thuismitheoirí agus ar mhúinteoirí faoi chumas an Idirlín mar acmhainn luachmhar foghlama
- Na paraiméadair iompair a shainiú agus iarmhairtí shárú na bparaiméadar sin a shonrú

- An straitéis scoile maidir le húsáid shábháilte an Idirlín a chur chun cinn a shainathint agus aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann lena úsáid
- Cosaint dhlíthiúil ó dhliteanas a chur ar fáil do scoileanna

D'fhéadfadh sé a bheith follasach míniú a thabhairt do dhaltaí ar an bhfáth a bhfuil AUP ann agus ar an dóigh a n-oibríonn sé, ach, mar sin féin, is céim thábhachtach í maidir le feasacht a mhúscailt agus léargais ar shaincheisteanna éagsúla sábháilteachta Idirlín a chur ar fáil do dhaltaí. Cé go bhfuil rialúchán agus réitigh theicniúla iontach tábhachtach, ba chóir go mbeadh cothromaíocht idir a n-úsáid agus oideachas a chur ar dhaltaí faoi bheith freagrach. Gné iontach thábhachtach de sholáthar sábháilteachta ar líne ar scoil is ea oideachas a chur ar dhaltaí. Bíonn cuidiú agus tacaíocht na scoile de dhíth ar leanaí agus ar dhaoine óga chun na rioscaí ríomhshábháilteachta a sheachaint agus a aithint agus a n-athléimneacht a fhorbairt. Ba chóir clár réamhbheartaithe i leith sábháilteachta ar an Idirlín a chur ar fáil mar chuid de OSPS nó réimsí eile sa churaclam agus ba chóir athbhreithniú a dhéanamh air go rialta agus béim á cur ar na príomhtheachtaireachtaí sábháilteachta mar chuid de chlár réamhbheartaithe.

Comhpháirteanna an AUP

Ba chóir do AUP aghaidh a thabhairt ar gach gné d'úsáid Idirlín. Áirítear leo siúd:

- Cuardach
- Íoslódáil
- Suíomh Idirlín scoile a fhoilsiú
- Suíomhanna Idirlín a bhrabhsáil
- Cumarsáid leictreonach ar nós ríomhphoist, líonrú sóisialta, cur teachtaireachtaí, etc.

Saincheisteanna eile a d'fhéadfadh AUP a chur san áireamh:

- Scileanna taighde ar líne
- Áiteanna inar féidir comhairle agus treoirínite maidir le sábháilteacht Idirlín a aimsiú
- Sainmhíniú maidir le hábhar míchuí
- Úsáid neamhdhleathach agus dhochrach an Idirlín
- Úsáid trealaimh chun tairbhe tráchtála
- Úsáid cuntas ríomhphoist
- Smachtbhannaí
- Treoirínite maidir le Cóipcheart
- Cluichí ar líne
- Meicníochtaí tuairiscithe

Céimeanna molta le leanúint agus an polasaí seo á fhorbairt agus á thabhairt chun dáta:

1	Cuir tús agus leag síos struchtúir	<ul style="list-style-type: none"> • Déan cinneadh faoin duine/faoi na daoine a bheidh freagrach as an bpolasaí seo a chur ibhfeidhm • Bunaigh grúpa nó coiste comhordaithe, má mheastar go bhfuil gá leis sin
2	Athbhreithnigh agus Taighde	<ul style="list-style-type: none"> • Déan tagairt don phríomhfaisnéis ar www.webwise.ie agus suíomhanna gréasáin www.education.ie ina dtugtar faisnéis, comhairle, agus uirlisí chun a bheith réamhghníomhach i réimse na sábháilteachta Idirlín agus atá deartha le cur in oiriúint riachtanais scoileanna aonair.
3	Ullmhúchán dréacht-pholasaí	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Priontáil na hábhair theimpléid seo a leanas thíos: <ul style="list-style-type: none"> • Polasaí Úsáide Inghlactha (AUP) samplach – formáid teimpléid • Duillín ceada lena shíniú ag tuismitheoir/caomhnóir – iarcheangailte leis an teimpléad <ul style="list-style-type: none"> • Litir do thuismitheoirí/chaomhnóirí • Seicliosta AUP ▪ Leasaigh an AUP chun oiriúnú do riachtanais na scoile – beidh tionchar ag timpeallacht gach scoile ar an gcur chuige a ghlacfar
4	Scaipeadh/ Comhairliúchán	<ul style="list-style-type: none"> • Scaip an dréacht-pholasaí agus téigh i gcomhairle le foireann scoile, le daltaí, le tuismitheoirí/le caomhnóirí, le bord bainistíochta/le hiontaobhaithe • Leasaigh an dréacht-pholasaí, de réir mar is gá, agus i bhfianaise an phróisis comhairliúcháin
5	Daingniú agus Cumarsáid	<ul style="list-style-type: none"> • Cuir an polasaí i láthair an Bhoird Bhainistíochta dá dhaingniú • Déan soláthar do scaipeadh an pholasaí do gach tuismitheoir/caomhnóir agus eagraigh a sholáthar do gach dalta, iontrálaithe nua san áireamh • Cuir an polasaí daingnithe in iúl do na daoine eile i bpobal na scoile
6	Cur chun feidhme	<ul style="list-style-type: none"> • Cuir forálacha an pholasaí chun feidhme thar thréimhse trí seachtaine i dtosach
7	Monatóireacht	<ul style="list-style-type: none"> • Seiceáil, ar eatraimh rialta, go bhfuil an polasaí á chur chun feidhme agus sainaithe aon saincheisteanna a thagann anois
8	Athbhreithniú, Measúnú agus Súil Siar	<ul style="list-style-type: none"> • Athbhreithnigh agus meas tionchar an pholasaí (beidh seicliosta AUP ina chuidiú sa phróiseas seo) • Athbhreithnigh é tar éis dó a bheith i bhfeidhm ar feadh trí seachtaine agus ar eatraimh réamhchinnte ina dhiaidh sin, agus leasaigh é de réir mar is gá, agus i bhfianaise an phróisis meastóireachta, aiseolais ó phobal na scoile agus forbairtí eile

Sábháilteacht Idirlín: Teimpléad do Pholasaí Úsáide Inghlactha

Ainm na Scoile: _____

Seoladh: _____

Tá sé mar aidhm ag an bPolasaí Úsáide Inghlactha (AUP) seo a chinntiú go mbainfidh daltaí tairbhe as deiseanna foghlama a thairgeann acmhainní Idirlín na scoile ar bhealach sábháilte agus éifeachtach. Meastar gur acmhainn agus pribhléid scoile iad úsáid agus rochtain Idirlín. Dá bhrí sin, mura gcloítear le AUP na scoile, tarraingeofar an phribhléid seo siar agus cuirfear smachtbhannaí iomchuí – faoi mar atá leagtha amach san AUP.

Tá sé beartaithe go ndéanfaidh ionadaithe scoile agus tuismitheoirí an AUP a leasú ar bhonn bliantúil. Sula síneofaí é, ba cheart an AUP a léamh go cúramach chun a chinntiú go nglactar leis na coinníollacha úsáide agus go dtuigtear iad.

Chruthaigh _____

(ainm na bpáirtithe a raibh baint acu le dréachtú an AUP)

an leagan seo den AUP ar an _____ (dáta)

Straitéis na Scoile

Úsáideann an scoil roinnt straitéisí chun an leas is mó a bhaint as deiseanna foghlama agus chun rioscaí a bhaineann leis an Idirlíon a laghdú. Seo a leanas na straitéisí sin:

Ginearálta

- Déanfaidh múinteoir maoirseacht ar sheisiúin Idirlín i gcónaí
- Bainfear úsáid as bogearraí scagacháin agus/nó córais choibhéiseacha chun an riosca neamhchosanta ar ábhar míchuí a íoslaghdú
- Déanfaidh an scoil monatóireacht rialta ar an úsáid a bhaineann daltaí as an Idirlíon
- Cuirfear oiliúint i réimse na sábháilteachta Idirlín ar fáil do dhaltaí agus do mhúinteoirí
- Ní cheadófar uaslódáil agus íoslódáil bogearraí neamhcheadaithe
- Déanfar bogearraí cosanta ar víris a úsáid agus a nuashonrú ar bhonn rialta
- Beidh cead múinteora ag teastáil chun méaróga cuimhne pearsanta, CD-ROManna, nó meáin stórála digití eile a úsáid sa scoil
- Caithfidh daltaí le daoine eile le meas i gcónaí agus ní dhéanfaidh siad aon ghníomhartha a d'fhéadfadh droch-cháil a tharraingt ar an scoil

An Gréasán Domhanda

- Ní rachaidh daltaí chuig suíomhanna Idirlín ina bhfuil ábhair gháirsiúla, neamhdhleathacha, ghráiniúla nó inlochtaithe ar shlí eile d'aon turas
- Tuairisceoidh daltaí rochtain de thaisme ar ábhair mhíchuí de réir nósanna imeachta na scoile
- Úsáidfidh daltaí an tIdirlíon chun críocha oideachais amháin
- Ní dhéanfaidh daltaí faisnéis a chóipeáil isteach i dtascanna gan an fhoinse a admháil (sárú bradaíola agus cóipchirt)
- Ní dhéanfaidh daltaí faisnéis phearsanta a nochtadh ná a phoibliú riamh
- Sáróidh daltaí polasaí úsáide inghlactha na scoile go díreach má íoslódálann siad ábhair nó íomhánna nach mbaineann lena gcuid staidéir.
- Beidh daltaí eolach go bhféadfar monatóireacht a dhéanamh ar aon úsáid, lena n-áirítear faisnéis a dháileadh nó a fháil, bíodh sí bainteach leis an scoil nó pearsanta, ar eagla gníomhaíochta de shaghas neamhghnách, mar gheall ar chúrsaí slándála agus/nó bainistíochta líonra

Ríomhphost

- Úsáidfidh daltaí cuntais ríomhphoist ranga cheadaithe faoi mhaoirseacht nó le cead múinteora
- Ní dhéanfaidh daltaí aon ábhar a sheoladh ná a fháil atá neamhdhleathach, gáirsiúil, clúmhillteach nó atá beartaithe le cur isteach ar dhuine eile nó é/í a imeaglú
- Ní nochtfaidh daltaí a sonraí pearsanta féin ná sonraí pearsanta daoine eile, ar nós seoltaí, uimhreacha gutháin nó pictiúr
- Ní eagróidh daltaí cruinniú duine le duine le duine ar bith nach bhfuil aithne acu air/uirthi ach trí ríomhphoist nó tríd an Idirlíon
- Tabharfaidh daltaí faoi deara go mbeidh seoladh agus fáil iatán ríomhphoist faoi réir cead a fháil óna múinteoir

Cumarsáid

Is réimse é seo ina bhfuil teicneolaíochtaí agus úsáidí ag teacht chun cinn go gasta. Beidh ar scoileanna plé agus comhaontú a dhéanamh leis an dóigh a mbeartaíonn siad teicneolaíochtaí nua agus aosta a chur chun feidhme agus a úsáid. Mar shampla, ní thugann roinnt scoileanna cead do dhaltaí a bhfón póca a úsáid i gceachtanna, agus déanann scoileanna eile a gcumas oideachais a aithint agus a n-úsáid a cheadú. D'fhéadfadh aois na ndaltaí tionchar a imirt ar an rannán seo freisin. Fágadh an tábla folamh le gur féidir le do scoil a freagairtí féin a roghnú.

Tá an cumas ag raon leathan teicneolaíochtaí cumarsáide atá ag forbairt go mear feabhas a chur ar fhoghlaim. Taispeántar sa tábla seo a leanas an dóigh a measann an scoil an tairbhe agus na rioscaí/míbhuntáistí a bhaineann le húsáid na dteicneolaíochtaí sin chun críche oideachais faoi láthair:

Teicneolaíochtaí Cumarsáide	Ceadaithe	Ceadaithe ag amanna áirithe	Ceadaithe le cead foirne	Neamhceadaithe
Féadfar fóin phóca a thabhairt ar scoil				
Úsáid fóin phóca i gceachtanna				
Úsáid fóin phóca ag am sóisialta				
Grianghraif a ghlacadh ar fhóin phóca nó ar ghléasanna ceamara eile				
Úsáid gléasanna boise e.g. PDAnna, PSPanna				
Úsáid seoltaí ríomhphoist pearsanta sa scoil, nó ar líonra na scoile				
Úsáid seoltaí ríomhphoist scoile le haghaidh ríomhphoist phearsanta				
Úsáid seomraí / áiseanna comhrá				
Úsáid teachtaireachtaí meandracha				
Úsáid láithreán líonraithe shóisialta				
Úsáid blaganna				

D'fhéadfadh go dteastódh ón scoil roinnt ráitis pholasaí maidir le húsáid teicneolaíochtaí cumarsáide a chur in ionad an tábla thuas nó de bhreis air.

Gníomhaíochtaí Míchúí

Ba chóir go gcabhródh an tábla seo a leanas “gníomhaíochtaí míchuí” a shainnithint i do scoil. Ba chóir duit tic a chur leis na colúin lena mbaineann agus na ráitis iomchuí a chur san áireamh sa pholasaí AUP.

Ní thabharfaidh úsáideoirí cuairt ar shuíomhanna Idirlín, ní chruthóidh, ní phostálfaidh, ní uaslódálfaidh, ní aistreoidh siad sonraí, ní chuirfidh siad in iúl, ná ní chuirfidh siad ar aghaidh, ábhar, tuairimí, moltaí nó teachtaireachtaí ina gcuimsítear nó a bhaineann le:	mí-úsáid ghnéasach leanaí íomhánna	Inghlactha	amanna áirithe Inghlactha	Ainmnithe Inghlactha	Do-ghlactha	Do-ghlactha agus neamhdhleathach
cur chun cinn nó seoladh gníomhartha neamhdhleathacha, eg faoi reachtaíocht cosanta leanaí,						
gáirsiúlachta, mí-úsáid ríomhairí agus calaoise						
ábhar ciníoch						
pornagrafaíocht						
cur chun cinn aon saghais leithcheala						
cur chun cinn fuatha chiníoch nó reiligiúnaigh						
iompar bagrach, lena n-áirítear cur chun						
cinn foréigin fhisicigh nó dochair mheabhrach						
aon fhaisnéis eile a d'fhéadfadh a bheith gráiniúil do chomhghleacaithe nó a sháraíonn sláine éiteas na scoile nó a tharraingíonn droch-cháil ar an scoil						
Córais scoile a úsáid chun gnóthas príobháideach a reáchtáil Córais, feidhmchláir, suíomhanna Idirlín nó meicníochtaí eile a úsáid a sheachtreoraíonn an scagachán atá ag SWGfL nó na cosaintí eile a úsáideann an scoil						
Bogearraí tráchtála nó aon ábhair faoi chóipcheart ar le tríú páirtithe iad a uaslódáil, a íoslódáil nó a tharchur gan na ceadanna riachtanacha ceadúnaithe						
Faisnéis rúnda nó dhílsithe a nochtadh nó a phoibliú (e.g. faisnéis airgeadais / phearsanta, bunachair shonraí, cóid rochtana ríomhaire / líonra agus pasfhocail)						
Viris ríomhaireachta nó comhaid dhochracha eile a chruthú nó a fhorleathadh						
Trácht líonra ardoirte marthanach nó meandrach (comhaid a íoslódáil / a uaslódáil) a dhéanamh a bheadh ina chúis le plódú líonra nó a chuireann cosc ar dhaoine eile agus an tIdirlíon á úsáid acu						
Cluichí ar líne						
Cearrbhachas ar líne						
Siopadóireacht / tráchtáil ar líne						
Comhroinnt comhad						
Úsáid láithreán líonraithe shóisialta						

Suíomh Idirlín Scoile

- Tabharfar deis do dhaltáí tionscadail, saothar ealaíne nó obair scoile a fhoilsiú ar an nGréasán Domhanda de réir polasaithe soiléire agus próisis shoiléire cheadaithe maidir leis an inneachar is féidir a lódáil chuig suíomh Idirlín na scoile
- Seiceálfar an suíomh Idirlín go rialta chun a chinntiú nach mbeidh aon inneachar ann a chuireann sábháilteacht na ndaltaí nó na foirne i gcontúirt
- Seiceálfar áiseanna úsáide suímh Idirlín ar nós nótaí tráchta agus inneachar arna ghiniúint ag úsáideoirí go minic chun a chinntiú nach mbeidh sonraí pearsanta iontu
- Comhordóidh múinteoir foilsiú obair na ndaltaí
- Déanfaidh an scoil dianiarracht grianghraif dhigiteacha, fuaim nó gearrthóga físe a dhíríonn ar ghníomhaíochtaí grúpa a úsáid. Ní fhoilseofar inneachar a dhíríonn ar dhaltáí aonair ar shuíomh Idirlín na scoile ach le cead tuismitheora
- Fágfar faisnéis phearsanta daltaí, lena n-áirítear seoladh baile agus sonraí teagmhála, ar lár as leathanaigh Ghréasáin na scoile
- Seachnóidh suíomh Idirlín na scoile céadainm agus sloinne na ndaoine aonair i ngrianghraf a fhoilsiú
- Cinnteoidh an scoil go mbeidh ainm iomchuí ar na comhaid íomhánna agus ní úsáidfear ainmneacha daltaí in ainmneacha na gcomhad íomhánna ná i gclibeanna ALT má fhoilsítear ar an nGréasán iad
- Is le daltaí go fóill an cóipcheart ar obair ar bith a fhoilsítear

Gléasanna Pearsanta

Ba chóir do dhaltáí a úsáideann a dteicneolaíocht féin sa scoil na rialacha atá leagtha amach sa chomhaontú seo a leanúint. Ní úsáidfídh siad gléasanna pearsanta boise / seachtracha (fóin phóca / gléasanna USB etc.) sa scoil ach amháin nuair a bheidh cead acu.

Reachtaíocht

Cuirfidh an scoil faisnéis ar fáil maidir leis an reachtaíocht seo a leanas a bhaineann le húsáid an Idirlín ar cheart do mhúinteoirí, do dhaltáí agus do thuismitheoirí eolas a fháil uirthi:

- An tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú), 2003
- An tAcht um Gháinneáil ar Leanáí agus Pornagrafaíocht, 1998
- An tAcht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh, 1993
- An tAcht um Fhístáifeadtaí, 1989
- An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988

Struchtúir Thacaíochta

Tabharfaidh an scoil eolas do dhaltáí agus do thuismitheoirí ar struchtúir thábhachtacha thacaíochta agus ar eagraíochtaí a phléann le hábhar neamhdhleathach nó le húsáid dhochrach an Idirlín.

Smachtbhannaí

D'fhéadfadh mí-úsáid an Idirlín a bheith ina cúis le gníomh araíonachta, lena n-áirítear rabhaidh scríofa, tarraingt siar pribhléidí rochtana agus, i gcásanna tromchúiseacha, cur ar fionraí nó díbirt. Coimeádann an scoil an ceart aici féin chun aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha a thuairisciú do na húdaráis iomchuí.

Teimpléad d'Fhoirm Cheada

Athbhreithnigh an Polasaí Úsáide Inghlactha Idirlín scoile faoi iamh, agus déan an fhoirm cheada seo a shíniú agus a chur ar ais chuig an bPríomhoide.

Ainm na Scoile: _____

Ainm an Dalta: _____

Rang/Bliain: _____

Mac léinn

Comhaontaím cloí le Polasaí Úsáide Inghlactha na Scoile maidir le húsáid an Idirlín. Úsáidfídh mé an tIdirlíon ar bhealach freagrach agus comhlíonfaidh mé na rialacha a mhíníonn an scoil dom.

Síniú an Dalta: _____

Dáta: _____

Tuismitheoir/Caomhnóir

Mar thuismitheoir nó mar chaomhnóir dlíthiúil an dalta thuas, léigh mé an Polasaí Úsáide Inghlactha agus tugaim cead do mo mhac nó m'íníon nó don leanbh faoi mo chúram rochtain a fháil ar an Idirlíon. Tuigim gur chun críocho oideachais a bheartaítear rochtain a fháil ar an Idirlíon. Tuigim freisin go ndearna an scoil gach réamhchúram réasúnta chun soláthar a dhéanamh do shábháilteacht ar líne ach nach féidir freagracht a chur ar an scoil i gcás ina bhfaigheann daltaí rochtain ar shuíomhanna Idirlín mí-oiriúnacha.

Glacaim leis an alt thuas

Ní ghlacaim leis an alt thuas

(Cuir tic leis de réir mar is cuí)

Maidir le suíomh Idirlín na scoile, glacaim leis go bhféadfar obair scoile mo linbh a roghnú lena cur san áireamh ar an suíomh Idirlín, i gcás ina measann an scoil go bhfuil sí oiriúnach. Tuigim agus glacaim le téarmaí an Pholasaí Úsáide Inghlactha a bhaineann le hobair daltaí a fhoilsiú ar shuíomh Idirlín na scoile.

Glacaim leis an alt thuas

Ní ghlacaim leis an alt thuas

(Cuir tic leis de réir mar is cuí)

Síniú: _____ **Dáta:** _____

Seoladh: _____ **Fón:** _____

Litir Shamplach do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí

A Thuismitheoir/Chaomhnóir, a chara,

Maidir le: Foirm Cheada Idirlín

Mar chuid de chlár oideachais na scoile, tugaimid rochtain faoi mhairseacht ar an Idirlíon

do dhaltaí. Tugann sé seo rochtain do dhaltaí ar raon leathan acmhainní oideachais ar líne a chreidimid gur féidir leo a n-eispéireas foghlama a fheabhsú go mór.

Mar sin féin, bíonn freagracht úsáideoirí agus na scoile ag teastáil ó rochtain ar an Idirlíon agus óna úsáid. Leagtar na freagrachtaí sin amach i bPolasaí Úsáide Inghlactha na scoile (faoi iamh). Tá sé tábhachtach go léitear an cháipéis faoi iamh go cúramach, go síníonn tuismitheoir nó caomhnóir í agus go gcuirtear ar ais chuig an scoil í.

Cé go nglacann an scoil céimeanna gníomhacha le húsáid shábháilte an Idirlín a chur chun cinn, aithníonn sí go bhféadfadh daltaí ábhar mí-oiriúnach nó inlochtaithe a rochtain de thaisme nó d'aon turas.

Bíonn meas ag an scoil ar an gceart atá ag gach teaghlach chun cinneadh a dhéanamh ar cé acu an dtabharfaidh sé, nó nach dtabharfaidh sé, rochtain ar an Idirlíon dá leanaí, faoi mar atá sainithe ag Polasaí Úsáide Inghlactha na scoile.

Tar éis duit téarmaí Pholasaí Úsáide Inghlactha ár scoile a léamh, d'fhéadfadh gur mhian leat nóiméad a ghlacadh chun breithniú a dhéanamh ar an dóigh a n-úsáidtear an tIdirlíon i do bhaile féin le fáil amach an bhfuil aon dóigh ann a bhféadfá é a dhéanamh níos sábháilte do do theaghlach féin.

Le dea-mhéin,

Seicliosta AUP

Ní mór AUP a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta, agus saincheisteanna cur chun feidhme a d'fhéadfadh teacht aníos á chur san áireamh, le go mbeidh sé láidir. Is é seo a leanas seicliosta a d'fhéadfaí a úsáid agus AUP á fhorbairt nó á leasú.

- Ar tháinig saincheisteanna faoi chur chun feidhme an AUP aníos ó rinneadh an AUP a dhearadh/a leasú?
- An ndearnadh na saincheisteanna seo a phlé le tuismitheoirí, daltaí agus múinteoirí agus a ionchorprú in AUP nuashonraithe?
- Ós rud é go bhfuil AUP i bhfeidhm, an féidir leis an scoil aghaidh a thabhairt ar na cásanna seo a leanas go muiníneach?
- Aimsítear go bhfuil dalta ag úsáid seomra comhrá chun cruinniú duine le duine a eagrú le cara
- Úsáideann an scoil bogearraí scagacháin ach faigheann dalta rochtain ar shuíomh Idirlín pornagrafach de thaisme agus é/í faoi do chúram
- Foilsíonn dalta faisnéis chlúmhillteach faoi phiara ar shuíomh Idirlín pearsanta
- An raibh tionchar dearfach ag an AUP ar sholáthar an churaclaim?
- Ar chuidigh saineolas inmheánach nó seachtrach le ceapadh nó le hathcheapadh an AUP?
- Ar aistríodh an AUP mar chód d'úsáid Idirlín chuig úsáid sa bhaile?
- An bhfuil plé oscailte ann idir daltaí agus múinteoirí maidir le saincheisteanna mí-úsáide agus sábháilteachta Idirlín?
- An bhfuil riachtanais oiliúna sábháilteachta Idirlín na múinteoirí agus na ndaltaí á gcomhlíonadh?